Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2012–2013

# Eolaíocht: Teastas Singil

## Aonad 1 (Bitheolaíocht)

## Bonnsraith

**[GSS11]**

GSS11

**DÉ LUAIN 25 FEABHRA 2013, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **9(a)**.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| Marc Iomlán | |

**LEATHANACH BÁN**

**1** **(a)** Comhlánaigh an tábla thíos, a bhaineann le miocrorgánaigh a chuireann galar ar dhaoine.

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

Roghnaigh as:

**truis** **baictéir** **víreas** **salmonella**

| Cineál de mhiocrorgánach | Galar |
|---|---|
| | polaimiailíteas |
| fungais | |
| | gónairith |

[3]

**(b)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas faoin dochar a bhaineann le toitíní a chaitheamh.

Roghnaigh as:

**ocsaigin** **broincíteas** **tarra**

**nítrigin** **nicitín** **andúil**

I measc na substaintí dochracha atá le fáil i ndeatach toitíní,

tá ____________________ agus ____________________.

Tá aonocsaíd charbóin ann fosta agus laghdaíonn sin cumas

na fola ____________________ a iompar. [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Anseo thíos tá dhá chuid ainmnithe de chóras atáirgthe na mban agus roinnt feidhmeanna. Úsáid línte le gach cuid ainmnithe a cheangal den fheidhm cheart.

| **Ainm** | **Feidhm** |
|---|---|
| | an áit a bhforbraíonn an féatas (babaí) |
| ubhagán | |
| | táirgeann sé uibheacha (ubháin) |
| útaras | |
| | an áit a dtarlaíonn toirchiú |

[2]

**(b)** Comhlánaigh an abairt thíos.

Roghnaigh as:


**antasubstaint** **hormón** **ubh** **speirm**

Is féidir le mná piollaire frithghiniúnach a ghlacadh a athraíonn leibhéil

a gcuid ______________________. Mar gheall air sin, ní fhorbraíonn

an ______________________ . [2]

Tá Conchúr agus Áine 20 bliain d'aois. Tá siad díreach i ndiaidh pósadh agus níl páistí ar bith acu. Sa léaráid thíos, léirítear an plé a bhí acu faoin fhrithghiniúint.




**(c)** Mínigh ina iomláine cad chuige a mbeadh an chuid is mó de na daoine ar aon intinn le hÁine.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** Sa ghrianghraf thíos tá ba ag ithe féir i bpáirc.



*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

Sa phictiúr, léirítear an biashlabhra:

Féar $\longrightarrow$ Bó

**(i)** Cad é an téarma a úsáidtear le cur síos ar an fhéar sa bhiashlabhra thuas?

Roghnaigh as:

**tomhaltóir tosaigh : tomhaltóir tánaisteach : táirgeoir**

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh foinse an fhuinnimh atá ag na biashlabhraí uilig.

______________________________________________ [1]

**(b)** Léiríonn an grianghraf thuas go bhfuil patrún na ndathanna difriúil ar chraiceann gach bó. Cad é an cineál éagsúlachta a léirítear leis an difear seo i ndath an chraicinn?

Cuir **ciorcal** thart ar an fhreagra cheart.

**aonfhoirmeach** **neamhleanúnach** **leanúnach** [1]

**(c)** Is féidir le sócháin i gcealla a bheith ina gcúis leis an éagsúlacht in orgánaigh bheo.

**(i)** Mínigh ina iomláine cad é a chiallaíonn an téarma 'sóchán'.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]


**(ii)** Luaigh **aon** ghalar **amháin** a tharlaíonn mar gheall ar shóchán.

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4 (a)** Sa léaráid thíos, léirítear cuid den timthriall carbóin.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(i)** Líon an bosca atá lipéadaithe **B** leis an léaráid a chomhlánú. [1]

**(ii)** Ainmnigh an próiseas atá lipéadaithe **A** ar an léaráid.

______________________________________________ [1]

**(iii)** Tá an dé-ocsaíd charbóin san aer ag méadú. Bain úsáid as an léaráid agus do chuid eolais féin le **dhá** fháth leis seo a thabhairt.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**(b)** Níor glacadh leis an téamh domhanda mar fhadhb thromchúiseach timpeallachta go dtí ar na mallaibh.

An chuid is mó de na daoine, glacann siad leis anois go bhfuil an téamh domhanda ag tarlú. Sa tábla thíos, bain úsáid as ticeanna le **dhá** fháth a thabhairt leis an athrú meoin seo i measc an phobail.


| Fáth | Tic (✓) |
|---|---|
| Tá gual ag éirí níos costasaí | |
| Tuilleadh fianaise go bhfuil an aeráid ag athrú | |
| Tá tuilleadh breoslaí iontaise á n-úsáid | |
| Níor mhaith le rialtais bac a chur le fás na tionsclaíochta | |
| Oideachas níos fearr faoin téamh domhanda | |

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

5 **(a)** Léiríonn an graf thíos líon na n-othar a raibh diaibéiteas orthu a bhí ag freastal ar ospidéal thar thréimhse deich mbliana.




**(i)** Ríomh an difríocht i líon na ndaoine a bhí á gcóireáil do dhiaibéiteas Chineál 2 agus do dhiaibéiteas Chineál 1 in 2010.

(Taispeáin do chuid oibre.)

______________________________ [2]

**(ii)** Cad chuige a raibh méadú i líon na ndaoine a bhfuil diaibéiteas **Chineál 2** orthu thar an tréimhse deich mbliana?

Cuir **ciorcal** thart ar do fhreagra.

**méadú ar mhurtall** : **méadú ar aclaíocht** : **méadú ar strus** [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Forbraíonn diaibéiteas **Chineál 1** de ghnáth nuair a bhíonn duine in aois páiste agus déantar é a bhainistiú le féin-instealladh insline.

Forbraíonn diaibéiteas **Chineál 2** de ghnáth sa duine fásta agus déantar é a bhainistiú trí athrú a dhéanamh san aiste bia gan inslin a instealladh.

Tig le héifeachtaí fadtéarmacha, lena n-áirítear cliseadh duánach, a bheith ag baint leis an dá chineál mura ndéantar iad a bhainistiú i gceart.

Bain úsáid as an fhaisnéis atá curtha ar fáil agus as do chuid eolais féin leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Tá an costas a bhaineann le diaibéiteas a chóireáil ag dul i méid. Luaigh **dhá** fháth a bhfuil cóireáil an diaibéitis iontach costasach.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**(ii)** Cuir síos ar dhóigh **amháin** a dtiocfadh leis an **othar** “drochbhainistiú” a dhéanamh ar an diaibéiteas.


______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(c)** Seachas cliseadh duánach, luaigh éifeacht fhadtéarmach **amháin** eile a bhaineann le diaibéiteas.

______________________________________________ [1]

**6** **(a)** Taispeánann an graf seo a leanas éifeacht na haclaíochta ar chroíráta Threasa.




Stop Treasa den aclaíocht i ndiaidh 15 nóiméad agus d'fhill a croíráta go réidh ar an ráta fosaithe thar thréimhse 5 nóiméad.

**(i)** Comhlánaigh an graf le croíráta Threasa a léiriú idir 15 agus 30 nóiméad. [2]

**(ii)** Ríomh an t-ardú ar chroíráta Threasa le linn aclaíochta.

______________________ bsn [1]

**(iii)** Ríomh céatadán an ardaithe ar chroíráta Threasa le linn aclaíochta.

______________________ % [1]

**(iv)** Mínigh ina iomláine cad chuige ar ardaigh croíráta Threasa le linn aclaíochta.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Taispeánann an tábla thíos meánleibhéil an cholaistéaróil d’fhir agus do mhná sna haoisghrúpaí éagsúla.

| Aois | Meánleibhéal colaistéaróil/ aonaid threallacha | |
|---|---|---|
| | Fir | Mná |
| 15–24 | 4.2 | 4.1 |
| 25–34 | 5.2 | 4.8 |
| 35–44 | 5.5 | 5.1 |
| 45–54 | 5.9 | 5.8 |
| 55–64 | 6.5 | 6.3 |

**(b)** Luaigh **dhá** threocht a léiríonn an fhaisnéis sa tábla.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Luaigh **dhá** athrú ar an stíl mhaireachtála a dtig leo cuidiú le galar croí a laghdú.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Tá planda áirithe ann agus is féidir le bláthanna an phlanda sin a bheith dearg nó bán. Nuair a rinneadh dhá phlanda a raibh bláthanna dearga orthu a chrosáil fuarthas na dathanna seo a leanas.

| | **Bláthanna dearga** | **Bláthanna bána** |
|---|---|---|
| **Líon** | 150 | 50 |

**(a)** Cad é cóimheas na mbláthanna dearga leis na bláthanna bána?

______________________________ [1]

**(b)** **(i)** Comhlánaigh an léaráid ghéiniteach thíos le toradh na crosála thuas a mhíniú.

| | | |
|---|---|---|
| | | r |
| | | |
| | Rr | |

[2]

**(ii)** Comhlánaigh géinitíopaí agus feinitíopaí an tsleachta don chrosáil thuas.

**géinitíopaí** __________ Rr __________ __________ [1]

**feinitíopaí** __________ Dearg __________ __________ [1]

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar aghaidh ar an chéad leathanach eile)**

**8** Sa ghrianghraf thíos, feictear léicean ag fás ar chrann.



*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

Is monatóir bitheach ar thruailliú é léicean mar ní fhásann cuid mhór de ach amháin san áit nach bhfuil mórán truaillithe ann.

**(a)** Cad é a chiallaíonn an téarma 'bitheach'?


______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

**(b)** Taispeánann an graf an ghaolmhaireacht idir líon na bplandaí léicin ar chrainn agus an fad achair acu ó Bhéal Feirste sna blianta 1950, 1975 agus 2000.




**(i)** An fhaisnéis thuas in úsáid agat, cuir síos ar, agus mínigh, treocht **amháin** a bhaineann leis an athrú ar **thruailliú aeir** i mBéal Feirste agus sa cheantar máguaird.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh **dhá** rud a chaithfear a dhéanamh, agus na sonraí á mbailiú, le go mbeidh fiosrúchán bailí (triail chothrom) ann.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9 (a)** Cuidíonn vacsaínithe linn muid féin a chosaint ar ghalar trí imdhíonacht ghníomhach a thabhairt dúinn.

Déan cur síos agus tabhair míniú ar an dóigh a dtugann vacsaínithe cosaint ar ghalair agus ar an fháth a gcuireann siad imdhíonacht ghníomhach fhadtréimhseach ar fáil.

**Sa cheist seo measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa, lena n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíochta.**

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [6]

**(b)** Taispeánann an graf thíos an dóigh ar athraigh céatadán na bpáistí a bhí á vacsaíniú i gcoinne MMR idir 1995 agus 2010.




Bain úsáid as an ghraf leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Sa bhliain 1998, mhaígh eolaí go raibh nasc idir vacsaíniú MMR agus an t-uathachas. Cad é an fhianaise atá ann gur bréagnaíodh an nasc idir uathachas agus vacsaíniú MMR?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **aon** phíosa fianaise **amháin** a thugann le fios go bhfuil imní de chineálacha eile ar roinnt tuismitheoirí go fóill maidir le vacsaíniú MMR.

______________________________________________ [1]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

113837